An Conradh Angla-Éireannach

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin gConradh Angla-Éireannach. Cén fáth a bhfuil an scéal seo sa nuacht faoi láthair? Pléigh a bhfuil ar eolas agat faoin eachtra leis an duine in aice leat.

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail agus na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

the War of Independence:	_____
spacious:	_____
negotiation:	_____
bring something to a conclusion:	_____
the Irish delegation:	_____
when matters came to a head:	_____
snare, trap:	_____
leader:	_____
too determined:	_____
moderate:	_____
bitterness:	_____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo.

1. Cathain a síníodh an Conradh Angla-Éireannach? Cén áit ar síníodh é?

2. Cad a tharla in Éirinn tar éis do thoscaireacht na hÉireann an conradh a shíniú?

3. Cérbh iad toscairí na hÉireann?

4. Cad a dúirt Príomh-Aire na Breataine leis an toscaireacht chun go síneoidís an conradh?

5. D'fhán Éamon De Valera in Éirinn le linn na hidirbheartaíochta. Cén fáth, dar lena gharmhac, Éamon Ó Cuív, a ndearna sé amhlaidh?

6. Cad a dúirt Pól Ó Murchú faoi Mhícheál Ó Coileáin?

Ceist 4 An tuiseal ginideach

Cuir na hainmfhocail thíos sa tuiseal ginideach. Bhí siad le cloisteáil sa mhír.

Cogadh (an tSaoirse) _____
mí (an Nollaig) _____
stair (an tír) _____
impireacht (an Bhreatain) _____
pobal (Éire) _____
slí (an fhírinne) _____

Téigh siar ar an mír arís le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 5 '…an **séú** lá de m**hí** **na Nollag**'

na horduimhreacha séimhiú tar éis 'de' an mhí sa tuiseal ginideach

Scríobh amach na dátaí thíos i bhfocail. Bíodh na pointí thuas san áireamh agat.

27/06: _____
26/02: _____
09/12: _____
06/05: _____
25/04: _____
19/10: _____
02/01: _____
15/11: _____
07/07: _____
30/03: _____
10/08: _____
12/09: _____

Ceist 6 '…*nach beag*…'

Cuir na frásaí seo in abairtí lena mbrí a léiriú:

is beag is fiú é
is beag orm é
ar ball beag
beag a dhéanamh de rud

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinnfear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2
Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

the War of Independence:	*Cogadh na Saoirse*
spacious:	*áirgiúil*
negotiation:	*idirbheartaíocht*
bring something to a conclusion:	*cuir clabhsúr le rud*
the Irish delegation:	*toscaireacht na hÉireann*
when matters came to a head:	*nuair a tháinig an crú ar an tairne*
snare, trap:	*súil ribe*
leader:	*ceann feadhna*
too determined:	*ródhiongbháilte*
moderate:	*measartha*
bitterness:	*gangaid*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4

Cogadh (an tSaoirse)	Cogadh **na Saoirse**
mí (an Nollaig)	mí **na Nollag**
stair (an tír)	stair **na tíre**
impireacht (an Bhreatain)	impireacht **na Breataine**
pobal (Éire)	pobal **na hÉireann**
slí (an fhírinne)	slí **na fírinne**

Ceist 5

Eanáir	Mí Eanáir	de mhí Eanáir
Feabhra	Mí Feabhra	de mhí Feabhra
Márta	Mí an Mhárta	de mhí an Mhárta
Aibreán	Mí Aibreáin	de mhí Aibreáin
Bealtaine	Mí na Bealtaine	de mhí na Bealtaine
Meitheamh	Mí an Mheithimh	de mhí an Mheithimh
Iúil	Mí Iúil	de mhí Iúil
Lúnasa	Mí Lúnasa	de mhí Lúnasa
Meán Fómhair	Mí Mheán Fómhair	de mhí Mheán Fómhair
Deireadh Fómhair	Mí Dheireadh Fómhair	de mhí Dheireadh Fómhair
Samhain	Mí na Samhna	de mhí na Samhna
Nollaig	Mí na Nollag	de mhí na Nollag

An chéad, an dara, an tríú, an ceathrú, an cúigiú, an séú, an seachtú, an t-ochtú, an naoú, an deichiú (lá).
An t-aonú lá déag, an dara lá déag, an tríú lá déag srl…
An fichiú lá, an t-aonú lá is fiche, an dara lá is fiche, an tríú lá is fiche srl….
An tríochadú lá, an t-aonú lá is tríocha.

27/06:	*an seachtú lá is fiche de mhí an Mheithimh*
26/02:	*an séú lá is fiche de mhí Feabhra*
09/12:	*an naoú lá de mhí na Nollag*

06/05: *an séú la de mhí na Bealtaine*
25/04: *an cúigiú lá is fiche de mhí Aibreáin*
19/10: *an naoú lá déag de mhí Dheireadh Fómhair*
02/01: *an dara lá de mhí Eanáir*
15/11: *an cúigiú lá déag de mhí na Samhna*
07/07: *an seachtú lá de mhí Iúil*
30/03: *an tríochadú lá de mhí an Mhárta*
10/08: *an deichiú lá de mhí Lúnasa*
12/09: *an dara lá déag de mhí Mheán Fómhair*

Ceist 6
nach beag – *significant*
is beag is fiú é – *it's not worth much*
is beag orm é – *I don't like it*
ar ball beag – *in a little while*
beag a dhéanamh de rud – *to belittle something*

Siún Nic Gearailt
Bhuel, faoi mar a bhíomar á rá ansin, céad bliain sa lá inniu a síníodh an conradh stairiúil idir Éire agus an Bhreatain, a chuir deireadh le Cogadh na Saoirse. Síníodh an conradh i Sráid Downing luath ar maidin, an séú lá de mhí na Nollag, 1921. Tharraing sé achrann ag an am agus tá tionchar nach beag aige ar stair na tíre ó shin.

Maolra M. Mac Donnchadha
Sa seomra breá áirgiúil seo, an *Cabinet Room*, in uimhir a deich, Sráid Downing, croílár impireacht na Breataine, a deineadh[1] an beart. Is ann a bhí an idirbheartaíocht ghéar, sular aimsíodh margadh a chuir clabhsúr le Cogadh na *Tans*, ach faraor a chuir sodar faoin aighneas sa mbaile as ar phléasc an Cogadh Cathartha, sé mhí dár gcionn.

Bhí dhá mhí caite i Londain faoin tráth sin ag toscaireacht na hÉireann: Art Ó Gríofa, an tAire Gnóthaí Eachtracha, Mícheál Ó Coileáin, an tAire Airgeadais, Robert Barton, an tAire Talmhaíochta agus beirt dlíodóirí, na Teachtaí Dála Eamonn Duggan agus George Gavin Duffy. Nuair a tháinig an crú ar an tairne tar éis ocht seachtaine de chomhráití, d'fháisc Lloyd George, an Príomh-Aire, agus Churchill agus Birkenhead ina theannta, an tsúil ribe. 'Sínígí an cháipéis,' a dúirt siad, nó beidh sé ina chogadh an athuair faoi cheann trí lá.

Táthar ag cur agus ag cúiteamh ó shin faoin gceann feadhna, Éamon De Valera, a d'fhán sa tír seo ar an tuiscint nach síneofaí faic go mbeadh sé pléite i mBaile Átha Cliath.

Éamon Ó Cuív, garmhac le hÉamon de Valera
Bhí milleán á chur, ar gan comhréiteach a bheith ann, go raibh seisean ródhiongbháilte. An dearcadh a bhí aige, agus léirigh sé seo níos deireanaí ina shaol, ná dá ndiúltódh Art Ó Gríofa, a bhí ceaptha a bheith measartha, nó níos measartha ná an léargas a bhí á thabhairt ar De Valera, go mbeadh i bhfad níos mó glactha ag pobal na hÉireann agus ag an bpobal idirnáisiúnta. Agus, bhí sé sin fíorthábhachtach, go mór mór i Meiriceá, nach aon duine a bhí mícheart ach an rud a bhí tarraingthe.

Pól Ó Murchú, garnia le Mícheál Ó Coileáin
Bhí Mícheál Ó Coileáin dáiríre faoin gconradh. Thuig sé nach raibh margadh níos fearr le fáil. Shínigh siad an conradh ionas is go mbeadh saoirse iomlán níos deireanaí. Ach, faraor, fágadh na Sé Chontae ar lár agus tar éis ocht mí bhí an Coileánach féin imithe ar shlí na fírinne. Cailliúint mhór don tír, cailliúint mhór dá mhuintir agus cailliúint mhór do Kitty.

Maolra M. Mac Donnchadha
Mar thoradh ar an gconradh, aimsíodh neamhspleáchas do chuid den tír, fágadh scoite amach an chuid eile. Cothaíodh gangaid a mhair na glúnta[2] agus tar éis é a bheith chomh fada ó shin, tá a lorg le brath go tréan fós.

Maolra Mac Donnchadha, Nuacht TG4.

[1] *rinneadh* an leagan caighdeánach
[2] *glúine* an t-iolra caighdeánach